Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14309/23**

**JAI 1328**
**FREMP 290**
**DIGIT 220**
**SOC 692**
**HYBRID 72**
**DISINFO 84**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13399/23 + COR 1 + 13399/23 ADD 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cumhachtú digiteach chun cearta bunúsacha a chosaint agus a fhorfheidhmiú sa ré dhigiteach<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 20 Deireadh Fómhair 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le cumhachtú digiteach chun cearta bunúsacha a chosaint agus a fhorfheidhmiú sa ré dhigiteach, a ghlac an Chomhairle ag an 3976ú cruinniú a bhí aici an 20 Deireadh Fómhair 2023.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CUMHACHTÚ DIGITEACH CHUN CEARTA BUNÚSACHA A CHOSAINT AGUS A FHORFHEIDHMIÚ SA RÉ DHIGITEACH

### Brollach

**Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:**

a) Agus an Conradh ar an Aontas Eorpach **á mheabhrú aici**, agus go háirithe Airteagail 2, 3 agus 6 de,

b) Agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh **á mheabhrú aici**, agus go háirithe Airteagal 4(3), Airteagail 8, 9 agus 16, Airteagal 67(1), Airteagail 151 agus 162, agus Airteagal 166(2) de,

c) Agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'an Chairt' anseo feasta) **á meabhrú aici**, lena bhfuil gach duine i dteideal leas iomlán a bhaint as a gcearta agus as a ndeiseanna, agus go háirithe Airteagail 8, 11, 14, 15, 21, 23, 24, 25, 26, 36, 47, 51 agus 52 di,

d) Agus é **á mheabhrú aici** gur bunchloch d'aon tsochaí dhaonlathach iad cearta bunúsacha, agus gur ríthábhachtach é iad a chosaint, ar líne agus as líne araon, chun dínit an duine a áirithiú anois agus é níos dúshlánaí ná riamh sa ré dhigiteach,

e) Agus na tuarascálacha bliantúla maidir le cur chun feidhme na Cairte **á meabhrú aici** agus, go háirithe, tuarascáil 2021, inar díríodh ar 'Cearta Bunúsacha a Chosaint sa Ré Dhigiteach',

f) Agus Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach **á mheabhrú aici**, ar clár é lena mbunaítear, i measc mórán eile, gur cheart an tsochaí dhigiteach Eorpach a bheith mar bhonn agus mar thaca don daonlathas trí na cearta bunúsacha a chosaint agus trí thimpeallacht dhigiteach shlán oscailte agus seirbhísí poiblí digiteacha agus riarachán digiteach atá inrochtana agus daonlárnach,

(g) Agus **béim á leagan aici** ar a thábhachtaí atá sé go ndearbhaítear leis an Dearbhú Eorpach maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití gur cheart ceannasacht dhigiteach na hEorpa a bhunú ar chur chun cinn agus cosaint na gceart bunúsach, an smachta reachta agus an daonlathais, an chuimsithe, na hinrochtaineachta, an chomhionannais, na hathléimneachta, na slándála agus infhaighteachta seirbhísí, agus gur cheart an deis a bheith ag gach duine na bunscileanna agus na hardscileanna digiteacha uile a shealbhú,

(h) Agus Dearbhú Thaillinn maidir le ríomhsheirbhísí rialtais (Deireadh Fómhair 2017)[1], na Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú (Meitheamh 2020)[2], na Conclúidí ón Uachtaránacht maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha i gcomhthéacs na hIntleachta Saorga agus an Athraithe Dhigitigh (Deireadh Fómhair 2020)[3], Dearbhú Bheirlín maidir leis an tSochaí Dhigiteach agus Rialtas Digiteach Luachbhunaithe (Nollaig 2020)[4] agus Dearbhú Liospóin maidir leis an Daonlathas Digiteach a bhfuil Cuspóir leis (Meitheamh 2021)[5], agus eile, **á meabhrú aici**,

(i) **Ós díol sásaimh di** obair Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, go háirithe an tuarascáil dar teideal *Getting the future right: Artificial intelligence and fundamental rights* [An todhchaí a réiteach mar is ceart – an intleacht shaorga agus cearta bunúsacha], tuarascálacha bliantúla maidir leis an spás sibhialta san Aontas, taighde i réimsí an fhuatha agus na modhnóireachta ar ábhar ar líne agus an tuarascáil dar teideal *Fundamental rights of older persons: ensuring access to public services in digital societies* [Cearta bunúsacha daoine scothaosta: rochtain ar sheirbhísí poiblí i sochaithe digiteacha a áirithiú],

1 https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/news/ministerial-declaration-egovernment-tallinn-declaration
2 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52020XG0616(01)
3 https://www.consilium.europa.eu/media/46496/st11481-en20.pdf
4 https://ec.europa.eu/isa2/news/eu-member-states-sign-berlin-declaration-digital-society_en
5 https://www.lisbondeclaration.eu

(j) Agus obair eagraíochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta, mar shampla an Coiste um an Intleacht Shaorga, **á tabhairt dá haire di**, chomh maith le hobair an Choimisiúin Eorpaigh um Éifeachtúlacht an Cheartais de chuid Chomhairle na hEorpa a ghlac plean gníomhaíochta don tréimhse ó 2022 go 2025 dar teideal *Digitalisation for a better justice*,

(k) **De bhrí go** bhfuil an chaoi a ndéanaimid cumarsáid le chéile, a bpléimid le chéile, a n-oibrímid, a bhfoghlaimímid, a ndéanaimid seirbhísí a rochtain, agus a gcaithimid ár saol laethúil, á n-athrú ag an gclaochlú digiteach, lena n-áirítear an chaoi a ndéantar difear dár gcearta bunúsacha agus mar a chosnaítear iad, agus nach féidir le daoine aonair na deiseanna a ghabhann leis an gclaochlú digiteach a thapú ach amháin má fhorbraíonn siad scileanna iomchuí agus má thugtar na huirlisí is gá dóibh,

(l) **De bhrí** gurb é an leibhéal uaillmhéine atá beartaithe do Chlár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach go dtairgfear príomhsheirbhísí poiblí 100 % ar líne do shaoránaigh agus do ghnólachtaí Eorpacha faoi 2030,

(m) Agus **é á aithint aici** go bhfuil sé tábhachtach inrochtaineacht a chur chun cinn agus gur gá dul i ngleic leis an mbearna dhigiteach[6], ar measa fós í mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, agus leis an mbaol méadaithe eisiaimh,

(n) Agus **é á mheabhrú aici** gur ceann de spriocanna Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta é go mbeidh bunscileanna digiteacha ag 80 %, ar a laghad, de dhaoine fásta faoi 2030 mar réamhchoinníoll chun cuimsiú agus rannpháirtíocht a mhéadú i margadh an tsaothair agus sa tsochaí tar éis chlaochlú digiteach na hEorpa,

(o) Agus **é á athdhearbhú aici** go bhfuil an fheidhm chéanna ar líne agus as líne ag cearta bunúsacha, agus gur cheart an deis agus an tacaíocht a bheith ag gach duine chun bunscileanna digiteacha a shealbhú chun go mbeidh siad in ann a gcearta a thuiscint agus a fheidhmiú, chomh maith le lántairbhe a bhaint as acmhainneacht iomlán na seirbhísí poiblí agus príobháideacha, ar seirbhísí iad ar minice anois a chuirtear iad ar fáil ar líne,

---

6 *Is tagairt í an bhearna dhigiteach don idirdhealú idir iad siúd a bhfuil rochtain acu ar an idirlíon nó ar theicneolaíochtaí digiteacha eile agus atá in ann úsáid a bhaint as seirbhísí ar líne, agus iad siúd atá eisiata ó na seirbhísí sin.* Sainmhíniú Eurostat

(p) Agus é **á thabhairt dá haire aici**, i gcomhréir leis an gClár Oibre Eorpach Scileanna, gurb é 2023 an Bhliain Eorpach um Scileanna agus gur réamhriachtanas iad bunscileanna digiteacha daoine agus gnólachtaí, agus sainscileanna digiteacha don lucht saothair, chomh maith le digiteáil na seirbhísí poiblí, le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach sa deacáid dhigiteach agus i gceannasacht dhigiteach an Aontais,

(q) Agus **í tiomanta** tógáil ar chlaochlú digiteach daonlárnach bunaithe ar chearta an duine agus don phrionsabal nach bhfágfaí aon duine ar lár, lena n-áirítear trí sheirbhísí poiblí digiteacha a thógáil a bheidh cuimsitheach agus inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, do dhaoine scothaosta, agus do dhaoine atá i staideanna leochaileachta, chomh maith leis an gcur chuige sin agus ailíniú le caighdeáin an Aontais a chur chun cinn go hidirnáisiúnta.

---

<u>**Cumhachtú digiteach daoine aonair agus príomhearnálacha**</u>

**Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:**

1. **Meabhraíonn sí** go gcaithfidh an claochlú digiteach rannchuidiú le comhionannas, agus sochaí chothrom chuimsitheach a bhaint amach san Aontas,

2. **Leagann sí béim air** go bhfuil sé de cheart ag cách rochtain a fháil ar phríomhsheirbhísí bunriachtanacha poiblí agus príobháideacha d’ardchaighdeán, agus go bhfuil sé ar cheann d’aidhmeanna na digiteála rochtain ar na príomhsheirbhísí bunriachtanacha sin a chur chun cinn agus a éascú,

3. **Admhaíonn sí** nach bhfuil bunscileanna digiteacha ag 46 % de shaoránaigh na hEorpa[7] faoi láthair, agus chun an bhearna dhigiteach sin a dhúnadh, ar bearna í a bhféadfadh contúirt agus eisiamh a bheith mar thoradh uirthi do shaoránaigh agus a d'fhéadfadh a bheith ina bacainn freisin ar fheidhmiú a gceart, ba cheart an deis agus tacaíocht a bheith ag na daoine sin na scileanna digiteacha is gá a shealbhú chun rochtain a fháil ar an idirlíon agus ar tháirgí agus seirbhísí digiteacha go rialta agus go sábháilte.

**Iarrann Comhairle an Aontais Eorpaigh ar na Ballstáit, faoina n-inniúlachtaí, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

4. Litearthacht sna meáin agus litearthacht dhigiteach leordhóthanach **a chur chun cinn** trí oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil do chách, mar cheart chun bunscileanna digiteacha agus ardscileanna digiteacha a shealbhú,

5. **Dlús a chur lena n-iarrachtaí** ar an mbearna dhigiteach a dhúnadh tríd an mbearna a laghdú idir iad siúd a bhfuil rochtain acu ar sheirbhís idirlín iontaofa agus ar uirlisí digiteacha agus atá inniúil ar iad a úsáid, agus iad siúd nach bhfuil, agus aird ar leith á tabhairt ar an mbearna idir ceantair uirbeacha agus thuaithe agus ar an mbearna a eascraíonn as stádas socheacnamaíoch, míchumas, aois nó inscne, trí rochtain ar nascacht idirlín thapa agus ar theicneolaíocht dhigiteach a chumasú, le cabhair ó chistiú ón Aontas,

6. **Gach beart iomchuí a dhéanamh** chun a áirithiú gur féidir le cách an rochtain chéanna a fháil ar sheirbhísí poiblí ar líne, go háirithe trí chomhairle agus tacaíocht a chur ar fáil le linn an phróisis, agus iad ag iarraidh a slí a dhéanamh ar shuíomhanna gréasáin poiblí, ag úsáid foirmeacha ar líne agus ag tíolacadh doiciméad ar líne, agus trí na roghanna malartacha neamhdhigiteacha a choimeád, i gcás inar gá, chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár; agus leis an méid sin ar fad san áireamh, rochtain shlán a chur ar fáil freisin trí mhodhanna leordhóthanacha maidir le céannacht dhigiteach,

---

[7] Maidir le mná amháin, is é 49 % an céatadán, ach i gcás na bhfear is é 43 % an céatadán. https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/isoc_sk_dskl_i$DV_317/default/table?lang=en

7. **Feasacht a mhúscailt** i measc an phobail, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga, i bhfriotal atá oiriúnaithe dá riachtanais, maidir lena thábhachtaí atá sé a bpríobháideachas agus a sonraí pearsanta sa saol digiteach a chosaint agus eolas a chur ar fáil dóibh maidir leis an gcaoi a ndéantar a gcuid sonraí a bhailiú, a phróiseáil agus a úsáid agus conas a gcearta a fheidhmiú, lena n-áirítear an ceart chun rochtain a fháil ar a gcuid sonraí pearsanta féin, an ceart go ligfí i ndearmad iad, agus conas socruithe príobháideachais a chumrú agus criptiú a úsáid chun a sonraí pearsanta féin a chosaint,

8. **Na bearta is gá a ghlacadh** chun cosaint shonrach agus/nó scileanna digiteacha a sholáthar atá curtha in oiriúint do riachtanais grúpaí éagsúla daoine, mar shampla:

    - **Páistí agus daoine óga:** trí ábhar digiteach ardcháilíochta a áireamh i gcláir oideachais – lena n-áirítear cláir oiliúna do mhúinteoirí agus d'oibrithe óige – rochtain ar threalamh a éascú, na scileanna agus an t-eolas is gá a thabhairt dóibh chun páirt shábháilte a ghlacadh sa timpeallacht dhigiteach, cabhrú leo, i measc nithe eile, cibearbhulaíocht, grúmaeireacht agus cineálacha eile ciaptha agus coireachta ar líne a shainaithint, faisnéis a scaipeadh faoin tacaíocht atá ar fáil do leanaí agus don óige ar íospartaigh coireachta ar líne iad, dul i ngleic le cleachtais tráchtála ionsaitheacha, córais fíoraithe aoise a thabhairt isteach chun rochtain a fháil ar ábhar ar líne agus teorainneacha ama scáileáin iomchuí a chur chun cinn (i gcomhréir le hAirteagal 24 den Chairt, agus Straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh á cur san áireamh),

- **Daoine scothaosta:** trí thacú le próiseas an chlaochlaithe dhigitigh agus trí chúnamh agus treoir a chur ar fáil tríd an bpróiseas sin chun cabhrú leo siúd a dteastaíonn tacaíocht uathu chun rochtain a fháil ar phríomhsheirbhísí bunriachtanacha ar líne, bealaí nua a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh agus tairbhe a bhaint as na deiseanna a chuireann an t-idirlíon ar fáil don tsiamsaíocht, don fhoghlaim, don saibhriú pearsanta agus don bhainistiú ó lá go lá, agus iad a chur ar an eolas faoi na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann chomh maith, mar shampla, camscéimeanna fioscaireachta, goid aitheantais agus bréagaisnéis, agus conas na rioscaí sin a mhaolú, agus a áirithiú go dtuigeann siad conas a sonraí pearsanta a chosaint (i gcomhréir le hAirteagal 25 den Chairt),

- **Mná agus cailíní:** trína áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach go cothrom sa réimse digiteach agus go mbeidh rochtain theoranta acu ar scileanna digiteacha, rud atá teoranta i gcónaí, trí rannpháirtíocht na mban agus na gcailíní san fhiontraíocht dhigiteach agus i réimsí ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) a spreagadh agus trí dhlús a chur leis na hiarrachtaí foréigean ar líne in aghaidh na mban agus na gcailíní agus ciapadh na mban agus na gcailíní a chomhrac, chun an deighilt dhigiteach inscne a chúngú agus chun cur ar chumas na mban agus na gcailíní tairbhe iomlán a bhaint as na deiseanna a bhaineann leis an aistriú digiteach (i gcomhréir le hAirteagal 23 den Chairt),

- **Daoine faoi mhíchumas**: trí dheireadh a chur le bacainní ar thimpeallachtaí digiteacha, go háirithe trí na táirgí agus na seirbhísí is gá a sholáthar chun a gcuimsiú agus a rannpháirtíocht sa tsochaí dhigiteach a éascú (i gcomhréir le hAirteagal 26 den Chairt agus le hAirteagal 9 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, rud ar aontaigh an tAontas dó),

- **Daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe:** trí rochtain idirlín a éascú do phobail i limistéir inar lú an cumhdach leathanbhanda agus na modhanna digiteacha,

- **Daoine atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus iad siúd atá i staid an-leochaileach:** trí shealbhú scileanna digiteacha a chur chun cinn agus tríd an eisiamh digiteach a chomhrac agus trí rochtain ar riaracháin phoiblí a éascú,

- **Oibrithe:** trí oiliúint ghairmiúil leordhóthanach a chur ar fáil chun iad a ullmhú, go háirithe mná, le haghaidh poist dhigiteacha nua agus chun iad a chosaint ar an dífhostaíocht, agus an deis a thabhairt do gach duine dul i dtaithí ar athruithe a thagann as uirlisí digiteacha a úsáid ag an obair, lena n-áirítear teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) a úsáidtear chun críoch oibre, trí uas-sciliú agus athsciliú, agus dálaí oibre cothroma, córa, sláintiúla agus sábháilte a ráthú ag an am céanna, chomh maith le cearta saothair, lena n-áirítear an ceart chun dícheangail ó uirlisí digiteacha nuair nach bhfuil siad ar dualgas,

- **Tomhaltóirí:** trína áirithiú go bhfuil siad in ann roghanna uathrialacha eolacha a dhéanamh agus trí dhúshaothrú leochaileachtaí agus claontachtaí, lena n-áirítear trí fhógraíocht spriocdhírithe agus patrúin dearaidh mheabhlacha i gcomhéadain úsáideoirí, a theorannú,

- **Vótálaithe:** trína áirithiú go bhfuil na saoránaigh eolach go maith agus go bhfuil scileanna litearthachta sna meáin agus scileanna litearthachta digití acu, scileanna atá riachtanach chun cinntí a dhéanamh i gcásanna casta a mbíonn tionchar acu ar shaol an daonlathais, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar chúbláil faisnéise agus bréagaisnéis a bhaineann le toghcháin nó a théann i bhfeidhm ar shaorthoghcháin chóra ar bhealach eile, agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh a chaomhnú ag an am céanna,

- **Eagraíochtaí na sochaí sibhialta, cosantóirí chearta an duine agus iriseoirí:** trína gcosaint ar bhagairtí digiteacha agus trína gcur ar a gcumas a ngníomhaíochtaí abhcóideachta maidir le cearta bunúsacha a threisiú go héifeachtach trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha freisin, trí shaoirse cainte, saoirse agus iolrachas na meán, chomh maith le rochtain ar thimpeallacht dhigiteach atá iontaofa, trédhearcach agus éagsúil a chur chun cinn, agus trí rannpháirtíocht, dlúthpháirtíocht agus cuimsiú a chothú,

9. Gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta agus oiliúna **a sholáthar** chun cabhrú le gníomhaithe i bpríomhearnálacha chun cearta bunúsacha a chosaint - eadhon an ceartas agus forfheidhmiú an dlí - cearta bunúsacha a chosaint agus daoine aonair a chosaint sa saol digiteach freisin, seirbhís phoiblí éifeachtach ar ardchaighdeán a chur ar fáil d'úsáideoirí i réimse an cheartais agus a áirithiú go mbeidh an ceartas trédhearcach inrochtana i gcónaí,

10. I ndáil leis an méid sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an oiliúint tosaigh agus ar an oiliúint leanúnach a chuirtear ar lucht forfheidhmithe dlí agus ar chleachtóirí dlí, ag díriú ar chultúr atá bunaithe ar an smacht reachta agus ar chearta bunúsacha a chur chun cinn a thuilleadh, digitiú an cheartais a leathnú agus tacú le forbairt scileanna gairmiúla digiteacha, i gcomhréir leis an straitéis Eorpach um oiliúint bhreithiúnach do 2021-2024[8],

11. Cistiú leordhóthanach **a leithdháileadh** - bíodh sin ar an leibhéal náisiúnta nó ó chláir chistiúcháin an Aontais - chun tacú le hoideachas sna meáin agus oideachas digiteach, oiliúint agus forbairt scileanna agus rochtain ar chistí chun na críche sin a éascú.

[8] https://commission.europa.eu/document/f782dbde-f970-430a-847d-a77ff3e428a5_en

**Timpeallacht dhigiteach shábháilte a thógáil ina gcosnaítear cearta bunúsacha**

**Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:**

12. **Leagann sí béim** ar an gcaoi nach féidir cosaint na gceart bunúsach a ráthú go hiomlán ach amháin trí thimpeallacht dhigiteach atá cothrom, sábháilte, slán agus trédhearcach a sholáthar, lena n-íoslaghdófar rioscaí agus bagairtí an spáis dhigitigh,

13. **Is ábhar imní di** go bhfuil bréagaisnéis agus go háirithe bréagaisnéis ar líne á scaipeadh go forleathan, rud a laghdaíonn muinín an phobail as institiúidí agus na meáin, agus a chuireann bac ar cheart gach duine rochtain a fháil ar fhaisnéis fhíoraithe agus ar a gcumas cinntí eolacha a dhéanamh, a thugann dúshlán na bpróiseas daonlathach agus a chuireann leis an deighilt shóisialta,

14. **Cásaíonn sí** an méadú géar scanrúil atá tagtha ar an bhfuathchaint, ar choireanna fuatha agus ar an gcibearfhoréigean le blianta beaga anuas san Eoraip[9], agus is oth léi gur éascaíodh leathadh na fuathchainte ar líne leis an méadú atá tagtha ar an úsáid a bhaintear as an idirlíon agus as na meáin shóisialta, ar fusa dó tarlú mar gheall ar an díchosc agus an bhraistint anaithnideachta a d'fhéadfadh teacht ar úsáideoirí an idirlín,

15. **Meabhraíonn sí** gur ghlac an tAontas Eorpach an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha[10] le déanaí, lena leagtar síos rialacha maidir le hoibleagáidí agus cuntasacht idirghabhálaithe, arb é is aidhm dó díobháil ar líne a íoslaghdú agus dul i ngleic le rioscaí ar líne, trí chreat dlíthiúil comhchuibhithe a chruthú chun scaipeadh ábhair neamhdhleathaigh agus dhíobhálaigh a chomhrac, agus ar an gcaoi sin, cosaint na gceart bunúsach ar líne a fheabhsú,

---

[9] Féach, mar shampla, tuarascálacha na mblianta 2019 agus 2020 ó ECRI (staidéar bliantúil arna choimisiúnú ag Roinn Beartais Pharlaimint na hEorpa um Chearta na Saoránach agus um Ghnóthaí Bunreachtúla) ag: https://rm.coe.int/ecri-annual-report2019/16809ca3e1 agus https://rm.coe.int/annual-report-on-ecri-s- activities-for-2020/1680a1cd59

[10] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha).

16. **Dearbhaíonn sí gur oth léi** leibhéal ard na gcibirionsaithe agus na mbagairtí agus an chiaptha ar líne a dhéantar, de réir tuairisce, ar ghníomhaithe sochaí sibhialta, cosantóirí chearta an duine agus iriseoirí, go háirithe mná,[11][12],

17. **Meabhraíonn sí** gur príomhchearta bunúsacha sa ré dhigiteach iad an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint agus an ceart chun príobháideachais, lenar féidir cearta bunúsacha eile a chosaint, lena n-áirítear an smacht atá ag daoine aonair ar an gcaoi a n-úsáidtear agus a roinntear a gcuid sonraí pearsanta chomh maith lena gceart chun rúndachta ó thaobh a gcuid cumarsáide agus na faisnéise ar a ngléasanna leictreonacha de,

18. **Athdhearbhaíonn sí**, cé go bhféadfadh éifeachtaí suntasacha dearfacha a bheith ag an intleacht shaorga (IS) – éifeachtúlacht próiseas a mhéadú agus an nuálaíocht agus an taighde a chothú i réimsí éagsúla den saol, mar shampla – go bhféadfadh sí dúshláin shuntasacha a chruthú freisin maidir le cearta bunúsacha a chosaint agus leis an idirdhealú a chomhrac, mura bhfuil trédhearcacht leordhóthanach ann agus má úsáidtear í in éagmais coimircí leordhóthanacha agus rialuithe cáilíochta,

19. **Leagann sí béim** ar a thábhachtaí atá scileanna litearthachta sna meáin agus scileanna litearthachta digití sa chomhrac in aghaidh na hionramhála ar fhaisnéis, lena n-áirítear bréagaisnéis, mífhaisnéis, bolscaireacht ionramhálach agus teoiricí comhcheilge, agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil á cosaint ag an am céanna.

**Iarrann Comhairle an Aontais Eorpaigh ar na Ballstáit, faoina n-inniúlachtaí, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

20. **Cur chun cinn a dhéanamh** ar thimpeallacht dhigiteach atá fabhrach cóir ar mhaithe le díospóireacht phoiblí atá cuimsitheach iolraíoch agus cuidiú le daoine aonair idirdhealú a dhéanamh idir foinsí iontaofa agus neamhiontaofa faisnéise, an chlaontacht agus an bholscaireacht a shainaithint agus scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt agus, ar an gcaoi sin, éifeachtaí díobhálacha na hionramhála ar fhaisnéis, lena n-áirítear an bhréagaisnéis, a laghdú,

11 https://fra.europa.eu/sites/default/files/fra_uploads/fra-2022-protecting-civic-space_en.pdf
12 https://www.osce.org/fom/safety-female-journalists-online

21. **Tacú** le Cód Cleachtais neartaithe 2022 maidir le Bréagaisnéis, lena gcuirtear le Cód 2018 agus lena dtugtar gealltanais uaillmhianacha agus lena n-iarrtar bearta uaillmhianacha atá dírithe ar chomhrac na bréagaisnéise ar líne, agus lena spreagtar an earnáil tionsclaíochta cloí le caighdeáin féinrialála chun an bhréagaisnéis a chomhrac,

22. **Leanúint den chomhrac** in aghaidh na fuathchainte ar línte, agus aird á díriú, i measc rudaí eile, ar a riachtanaí atá sé an gríosú chun foréigin agus fuatha a choiriúlú go héifeachtach, gach duine a chur ar an eolas faoi thionchar na fuathchainte ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí i gcoitinne, an fhuathchaint a shainaithint agus a thuairisciú, oideachas a chur ar fáil maidir leis an tsaoránacht dhigiteach agus an tsábháilteacht ar líne agus cuidiú le daoine aonair a aithint gur sárú ar chearta bunúsacha í an fhuathchaint a bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha aici, a bhféadfadh foréigean fisiceach, stalcaireacht, imeaglú, oibiachtú, ciapadh, ciapadh gnéasach agus idirdhealú, lena n-áirítear coireanna fuatha, a bheith mar thoradh uirthi, agus a bhféadfadh éifeacht athchomhairleach a bheith aici ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, go háirithe i gcás iriseoirí, agus ar an rannpháirtíocht i ndíospóireachtaí daonlathacha,

23. **Tacú** le cur chun feidhme chód iompair an Aontais maidir le fuathchaint neamhdhleathach ar líne a chomhrac, ar uirlis úsáideach é le haghaidh an chomhair idir údaráis, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ardáin teicneolaíochta i réimse na modhnóireachta inneachair, **agus faireachán a dhéanamh** air, chun a éifeachtacht a fheabhsú,

24. **Tacú** le cur chun feidhme an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha lena áirithiú go gcuirfí i bhfeidhm go leanúnach san Aontas na rialacha atá mar bhonn le comhrac an ábhair neamhdhleathaigh agus dhíobhálaigh ar líne, agus feasacht a mhúscailt i measc an phobail maidir leis na sásraí atá ar fáil chun ábhar neamhdhleathach agus díobhálach a thuairisciú,

25. **Feabhas a chur** ar acmhainneacht na n-údarás breithiúnach agus forfheidhmithe dlí coireanna fuatha agus fuathchaint neamhdhleathach ar líne a imscrúdú agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear dea-chleachtais a chomhroinnt agus leas iomlán a bhaint as uirlisí agus as ardáin chomhoibríocha, agus ceartas inrochtana digiteach do chách á chur chun cinn ag an am céanna,

26. **A áirithiú** go mbeadh acmhainní leordhóthanacha ag na húdaráis inniúla náisiúnta mhaoirseachta mar aon le foireann a mbeidh oiliúint dhigiteach leordhóthanach faighte acu chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, faoin Treoir maidir le r-phríobháideachas agus faoi reachtaíocht ábhartha eile ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, agus feachtais shonracha faisnéise agus feasachta a chur ar bun maidir le ról na n-údarás sin agus maidir leis an gcaoi ar féidir leo cuidiú le daoine aonair a gcearta a chosaint, i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt, lena áirithiú, go háirithe, go n-urramófar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh, chomh maith leis an bpríobháideachas agus smacht na ndaoine aonair ar a gcuid sonraí,

27. **Na bearta is gá a dhéanamh** chun córais rialála a chruthú a bheidh slán i bhfad na haimsire agus neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, lena n-áiritheofar go ndéanfar IS a fhorbairt agus a úsáid ar bhealach cuimsitheach inbhuanaithe duinelárnach agus gur ar chearta an duine a bheidh cur chuige IS bunaithe, agus lena gcuirtear san áireamh nach mór gach duine a chur ar an eolas faoi na deiseanna a bhaineann le IS, mar aon leis na rioscaí agus na dúshláin atá ann ó thaobh cearta bunúsacha de, agus faoin gcaoi go bhféadfadh an chastacht agus an easpa trédhearcachta a bhaineann leis a fhágáil gur deacair sáruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar chearta nó ar an dlí a shainaithint agus a chruthú, agus earráidí nó mífheidhmiú a d'fhéadfadh an córas a dhéanamh a rianú.

**Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:**

28. **Dearbhaíonn sí gur díol sásaimh di** obair agus tionscnaimh an Choimisiúin chun scileanna digiteacha a chur chun cinn i measc daoine aonair san Aontas agus chun feabhas a chur ar chosaint na gceart bunúsach, lena n-áirítear i gcomhthéacs digiteach, mar shampla:

- na tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme na Cairte um Chearta Bunúsacha, go háirithe tuarascáil 2021 dar teideal *Protecting Fundamental Rights in the Digital Age* [Cearta Bunúsacha a Chosaint san Aois Dhigiteach]
- an teachtaireacht dar teideal *The 2030 Digital Compass: the European way for the Digital Decade* [Compás Digiteach 2030: an bealach Eorpach le haghaidh na Deacáide Digití], ar dá barr a glacadh Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach
- Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta
- an straitéis Eorpach nua maidir le hIdirlíon níos fearr do Leanaí (BIK+)
- an Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach
- Cód Cleachtais neartaithe 2022 maidir le Bréagaisnéis
- Cód Iompair 2016 maidir le fuathchaint neamhdhleathach ar líne a chomhrac
- an Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach
- tionscnaimh reachtacha agus neamhreachtacha maidir leis an intleacht shaorga – na treoirlínte eiticiúla d'oideoirí maidir le húsáid na hintleachta saorga agus sonraí sa teagasc agus san fhoghlaim, mar shampla
- an Clár Oibre Scileanna don Eoraip
- an Straitéis Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach
- an pacáiste maidir le scileanna digiteacha agus oideachas digiteach

- na treoirlínte maidir le scileanna litearthachta sna meáin a chur chun cinn agus a fhorbairt

- Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030

**Iarrann Comhairle an Aontais Eorpaigh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:**

29. **Faireachán a dhéanamh** ar chur chun feidhme Chlár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach lena áirithiú go mbainfear amach spriocanna agus cuspóirí na straitéise - a bhaineann leis an acmhainneacht dhigiteach i dtaobh bonneagair, oideachais agus scileanna, agus le claochlú digiteach an ghnó agus na seirbhísí poiblí - faoi 2030,

30. **Cur i gcoinne** na bréagaisnéise agus ábhar neamhdhleathach ar líne trí mhaoirsiú agus forfheidhmiú a dhéanamh ar rialacha an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha agus measúnú rialta a dhéanamh ar chur chun feidhme Chód Cleachtais neartaithe 2022 maidir le Bréagaisnéis agus an Chóid Iompair maidir le fuathchaint neamhdhleathach ar líne, agus féachaint leis go gcloífidh na geallsealbhóirí leis na caighdeáin agus na gealltanais atá iontu, arb é is aidhm dóibh timpeallacht níos trédhearcaí, níos sábháilte agus níos iontaofa a chruthú, agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh á urramú,

31. **Leanúint de chosaint agus tacaíocht a thabhairt** d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do chosantóirí chearta an duine chun spás sibhialta digiteach rathúil a chur chun cinn agus athléimneacht na n-eagraíochtaí agus na gcosantóirí sin i leith bagairtí, cur isteach agus suaitheadh ar líne a fhorbairt,

32. **Leanúint de thacaíocht a thabhairt** don slabhra forfheidhmiúcháin ina iomláine agus do gheallsealbhóirí ábhartha sna Ballstáit, **agus leanúint dá rannpháirtiú**, i gcomhthéacs na hoibre a dhéanann Grúpa Ardleibhéil an Aontais um chomhrac na fuathchainte agus na fuathchoireachta, agus trí bhíthin treorach, malartú dea-chleachtais agus cistiúcháin,

33. **Faireachán a dhéanamh** ar na prionsabail agus na cearta digiteacha a leagtar amach sa Dearbhú Eorpach maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití nuair a bheifear ag comhoibriú leis na Ballstáit, d'fhonn cuspóirí ginearálta Chlár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach a bhaint amach, agus na prionsabail agus na cearta sin a chur san áireamh i dtionscnaimh reachtacha agus in iarrachtaí forbartha teicneolaíochta,

34. **Príomhshruthú a dhéanamh** ar an gcumhachtú digiteach ar fud bheartais ábhartha uile an Aontais ós rud é gur scileanna trasnacha iad scileanna digiteacha sa lá atá inniu ann agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad ríthábhachtach don fhorbairt sa tsochaí dhigiteach, agus **treisiú a dhéanamh** ar phríomhshruthú an chomhionannais agus na gceart bunúsach ar fud bheartais ábhartha uile an Aontais a mbaineann gné dhigiteach leo, ós rud é go bhfuil an saol digiteach agus an saol ar líne ar cheann de na príomhréimsí ina bhfeidhmítear cearta bunúsacha i sochaí an lae inniu,

35. **A áirithiú** go gcuirfí chun feidhme an straitéis Eorpach nua maidir le hIdirlíon níos fearr do Leanaí (BIK+) chun feabhas a chur ar sheirbhísí digiteacha atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus a áirithiú go ndéanfar gach leanbh a chosaint, a chumhachtú agus a urramú ar líne, agus straitéis an Aontais um chearta an linbh á cur san áireamh, go háirithe cuid 5 di,

36. **Tacú** le tionscnaimh darb aidhm forbairt na feasachta digití agus scileanna digiteacha a chur chun cinn trí chláir airgeadais, ar nós an mhéid seo a leanas: CSE+, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an clár don Eoraip Dhigiteach, an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, an Clár um Cheartas, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus Erasmus+,

37. **Feasacht a mhúscailt agus faisnéis a scaipeadh** maidir le tionscnaimh an Aontais sa réimse sin, an tArdán Eorpach um Scileanna agus Poist Dhigiteacha, mar shampla, lena gcuirtear faisnéis agus acmhainní ar fáil maidir le scileanna digiteacha, chomh maith le deiseanna oiliúna agus cistiúcháin.